# CINNEADH (CBES) 2023/1515 ÓN gCOMHAIRLE

## an 20 Iúil 2023

## lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/1026 chun tacú le Clár Cibearshlándála agus Athléimneachta agus Dearbhaithe Faisnéise na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW) faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 21 Meitheamh 2021 ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/1026 ([1]).

(2) An 18 Bealtaine 2023, d'iarr an Eagraíocht um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha, atá freagrach as cur chun feidhme teicniúil na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2021/1026, go gcuirfí síneadh 12 mhí, go dtí an 30 Lúnasa 2024, le cur chun feidhme an Chinnidh sin.

(3) Níl aon impleachtaí airgeadais breise le cur chun feidhme leanúnach Chinneadh (CBES) 2021/1026 don tréimhse go dtí an 30 Lúnasa 2024.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2021/1026 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 5 de Chinneadh (CBES) 2021/1026, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag an 30 Lúnasa 2024.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Iúil 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. BORRELL FONTELLES

([1]) Cinneadh (CBES) 2021/1026 an 21 Meitheamh 2021 chun tacú le Clár Cibearshlándála agus Athléimneachta agus Dearbhaithe Faisnéise na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW) faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 224, 24.6.2021, lch. 24).